Scéalta éagsúla

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thrí scéal éagsúla. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal agus na bhfrásaí seo a aimsiú?

1. An Ceann Comhairle _____
2. Comhthionól _____
3. thacaigh _____
4. ceapachán _____
5. athchóiriú _____
6. Córas Leasa Shóisialaigh _____
7. fáilte Uí Cheallaigh _____
8. ólachán _____
9. an athuair _____
10. coiste cróinéara _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a thuiscint.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna:

1. Scríobh achoimre ghearr ar an trí scéal.

2. Léigh d'achoimre amach don duine in aice leat, an raibh an t-eolas céanna agaibh?

Ceist 3 Féach ar an mír arís agus abair cén fáth ar luadh na daoine seo arís:

Mitchel McLaughlin
Eimear Murphy agus Ian O'Sullivan
Aibha Conroy

Ceist 4 Cuir an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní sna bearnaí.

Tá Mitchel McLaughlin (Sinn Féin) _____ tofa ina Cheann Comhairle ar Chomhthionól Thuaisceart Éireann. Is é Mitchel McLaughlin an (céad) _____ duine riamh ó Shinn Féin a ceapadh sa bpost. Thacaigh an DUP lena (ceapachán) _____ mar gur thacaigh Sinn Féin le beartais le hathchóiriú a dhéanamh ar an gCóras Leasa Shóisialaigh. Bhí iarrthóirí curtha chun (ceann) _____ ag an SDLP agus ag Aontachtaithe Uladh chomh maith.

Cuireadh fáilte Uí Cheallaigh abhaile go Contae Chorcaí roimh eolaithe óga na (bliain) _____ seo. Eimear Murphy agus Ian O'Sullivan as Coláiste Treasa i gCeann Toirc a bhuaigh an chéad duais lena dtionscnamh faoi ólachán i measc (déagóirí) _____. Rachaidh an bheirt acu chun cinn anois go Milan na hIodáile do na babhtaí Eorpacha níos deireanaí sa mbliain.

Mórscéal an lae arís. Cuireadh tús an athuair inniu le coiste cróinéara faoi (bás) _____ chailín sé bliana as Contae na Gaillimhe. Bhásaigh Aibha Conroy as Gabhla i gceantar Iorras Aintheach i gConamara in Ospidéal Leanaí Shráid

an Teampaill i mBaile Átha Cliath, an ceathrú lá déag de (mí) _____ na Nollag, 2011.

Ceist 5 '…tofa…' agus '…curtha…'

A. Cén ghné den ghramadach atá sna samplaí thuas?

B. Cuir Gaeilge ar na habairtí seo:

1. My work is done here.
2. The dishes are washed and dried.
3. Haven't you seen that film?
4. I'll go to see it when I have finished the book.
5. Everyone has read the letter.
6. Where have they gone?
7. I have learnt the irregular verbs.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go bhfuil Mitchel McLaughlin ceaptha ina Cheann Comhairle ar Stormont, dar leat?
2. Cén tábhacht a bhaineann le Comórtas na nEolaithe Óga, dar leat?
3. An bhfuil muinín agat as an gCóras Sláinte in Éirinn? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. An Ceann Comhairle	*The Speaker*
2. Comhthionól	*Assembly*
3. thacaigh	*supported*
4. ceapachán	*appointment*
5. athchóiriú	*reform*
6. Córas Leasa Shóisialaigh	*Social Security System*
7. fáilte Uí Cheallaigh	*generous welcome*
8. ólachán	*drinking*
9. an athuair	*again*
10. coiste cróinéara	*coroner's inquest*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Tá Mitchel McLaughlin **Shinn Féin** tofa ina Cheann Comhairle ar Chomhthionól Thuaisceart Éireann. Is é Mitchel McLaughlin an **chéad** duine riamh ó Shinn Féin a ceapadh sa bpost. Thacaigh an DUP lena **cheapachán** mar gur thacaigh Sinn Féin le beartais le hathchóiriú a dhéanamh ar an gCóras Leasa Shóisialaigh. Bhí iarrthóirí curtha chun **cinn** ag an SDLP agus ag Aontachtaithe Uladh chomh maith.

Cuireadh fáilte Uí Cheallaigh abhaile go Contae Chorcaí roimh eolaithe óga na **bliana** seo. Eimear Murphy agus Ian O'Sullivan as Coláiste Treasa i gCeann Toirc a bhuaigh an chéad duais lena dtionscnamh faoi ólachán i measc **déagóirí.** Rachaidh an bheirt acu chun cinn anois go Milan na hIodáile do na babhtaí Eorpacha níos deireanaí sa mbliain.

Mórscéal an lae arís. Cuireadh tús an athuair inniu le coiste cróinéara faoi **bhás** chailín sé bliana as Contae na Gaillimhe. Bhásaigh Aibha Conroy as Gabhla i gceantar Iorras Aintheach i gConamara in Ospidéal Leanaí Shráid an Teampaill i mBaile Átha Cliath, an ceathrú lá déag de **mhí** na Nollag, 2011.

Ceist 5

A. An aidiacht bhriathartha.

B

1. Tá mo chuid oibre déanta anseo agam.
2. Tá na soithí nite agus triomaithe.
3. Nach bhfuil an scannán sin feicthe agat go fóill?
4. Rachaidh mé chun é a fheiceáil nuair atá an leabhar léite agam.
5. Tá an litir léite ag gach duine.
6. Cá bhfuil siad imithe?
7. Tá na briathra mírialta foghlamtha agam.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Scéal 1

Tá Mitchel McLaughlin Shinn Féin tofa ina Cheann Comhairle ar Chomhthionól Thuaisceart Éireann. Is é Mitchel McLaughlin an chéad duine riamh ó Shinn Féin a ceapadh sa bpost[1]. Thacaigh an DUP lena cheapachán mar gur thacaigh Sinn Féin le beartais le hathchóiriú a dhéanamh ar an gCóras Leasa Shóisialaigh. Bhí iarrthóirí curtha chun cinn ag an SDLP agus ag Aontachtaithe Uladh chomh maith.

Scéal 2

Cuireadh fáilte Uí Cheallaigh abhaile go Contae Chorcaí roimh eolaithe óga na bliana seo. Eimear Murphy agus Ian O'Sullivan as Coláiste Treasa i gCeann Toirc a bhuaigh an chéad duais lena dtionscnamh[2] faoi ólachán i measc déagóirí. Rachaidh an bheirt acu chun cinn anois go Milan na hIodáile do na babhtaí Eorpacha níos deireanaí sa mbliain[3].

Scéal 3

Mórscéal an lae arís. Cuireadh tús an athuair inniu le coiste cróinéara faoi bhás chailín sé bliana as Contae na Gaillimhe. Bhásaigh Aibha Conroy as Gabhla i gceantar Iorras Aintheach i gConamara in Ospidéal Leanaí Shráid an Teampaill i mBaile Átha Cliath, an ceathrú lá déag de mhí na Nollag, 2011.

[1] *sa phost* atá sa Chaighdeán Oifigiúil, *sa bpost* a deirtear i gcanúint Chonnacht
[2] *tionscadal* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[3] *sa bhliain* atá sa Chaighdeán Oifigiúil, *sa mbliain* a deirtear i gcanúint Chonnacht.